Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Samhain 2020**
**(OR. en)**

**13246/20**

**SOC 744**
**EMPL 530**
**ECOFIN 1085**
**EDUC 418**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | ST 12813/20 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le Seimeastar Eorpach 2021: gnéithe fostaíochta agus sóisialta de Straitéis Bhliantúil 2021 maidir le Fás Inbhuanaithe |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san iarscríbhinn atá i gceangal leis seo na conclúidí ón gComhairle maidir le Seimeastar Eorpach 2021: gnéithe fostaíochta agus sóisialta de Straitéis Bhliantúil 2021 maidir le Fás Inbhuanaithe, a glacadh trí nós imeachta i scríbhinn an 23 Samhain 2020.

**IARSCRÍBHINN**

## SEIMEASTAR EORPACH 2021: GNÉITHE FOSTAÍOCHTA AGUS SÓISIALTA DE STRAITÉIS BHLIANTÚIL 2021 MAIDIR LE FÁS INBHUANAITHE

### Conclúidí ón gComhairle

1. Á CHUR CHUN SUNTAIS DI an chaoi a bhfuil an margadh saothair agus na forbairtí sóisialta dearfacha a tharla le sé bliana anuas ina stad mar gheall ar ghéarchéim COVID-19, rud a chruthaíonn dúshláin eacnamaíocha nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo, agus a bhfuil éifeachtaí suntasacha fostaíochta agus sóisialta acu a d'fhéadfadh maireachtáil go ceann i bhfad ar fud na hEorpa.

2. Á AITHINT DI go bhfuil sé ríthábhachtach leathadh an víris a laghdú agus ár saoránaigh, a bpoist, a sláinte agus a ndea-bhail a chosaint agus cúlú eacnamaíoch tobann domhain ann mar gheall ar ghéarchéim COVID-19. Á ADMHÁIL DI na bearta éagsúla a chuir na Ballstáit agus an tAontas chun feidhme ina leith sin, chomh maith le ról na gcomhpháirtithe sóisialta agus na sochaí sibhialta maidir le héifeachtaí sóisialta agus fostaíochta ghéarchéim COVID-19 a mhaolú.

3. IS DÍOL SÁSAIMH DI freagairt eacnamaíoch an Aontais, lena n-áirítear trí ionstraim théarnaimh Next Generation EU, an ionstraim Eorpach le haghaidh tacaíocht shealadach chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás éigeandála (SURE), agus an tsolúbthacht mhéadaithe in úsáid chistí an bheartais comhtháthaithe faoin Tionscnamh Infheistíochta mar Fhreagairt ar an gCoróinvíreas (CRII agus CRII+).

4. Á CHUR I dTREIS DI an ról tábhachtach atá ag bearta margaidh saothair agus ag bearta cosanta sóisialta chun tionchair shóisialta agus eacnamaíocha na géarchéime a mhaolú. Á CHUR I BHFIOS GO LÁIDIR DI ar an ngá le hiarrachtaí leanúnacha comhordaithe chun an geilleagar a atosú agus chun fás inbhuanaithe, cuimsitheach a chur chun cinn, agus a áirithiú ag an am céanna go dtacóidh bearta cosanta sóisialta agus bearta margaidh saothair leis na hiarrachtaí téarnaimh agus le slite beatha na ndaoine a chosaint.

5. Á CHUR I dTREIS DI go bhfuil tionchar diúltach suntasach á imirt ag an ngéarchéim ar na daoine is leochailí. Á CHUR CHUN SUNTAIS DI an baol suntasach go méadófar na héagsúlachtaí eacnamaíocha agus sóisialta idir na Ballstáit agus laistigh díobh, go leathnóidh sé na héagothromaíochtaí agus go méadófar an bhochtaineacht agus an t-eisiamh sóisialta. Á CHUR I bhFIOS GO LÁIDIR DI i bhfianaise an mhéid sin, gur croíphrionsabail de chuid an Aontais i gcónaí iad an comhtháthú sóisialta agus an geilleagar sóisialta margaidh.

6. Á MHEABHRÚ DI na ceachtanna a foghlaimíodh ó ghéarchéim eacnamaíoch 2008. Á AITHINT DI i bhfianaise an mhéid sin gur gá breithniú cothrom a dhéanamh ar bheartais fostaíochta, shóisialta agus eacnamaíocha sna Pleananna Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta, agus go mbeadh na comhpháirtithe sóisialta agus an tsochaí shibhialta rannpháirteach go gníomhach i ndearadh agus i gcur chun feidhme na mbeartas sin.

7. Á CHUR I dTREIS gur uirlis éifeachtach chomhordúcháin fós é an Seimeastar Eorpach chun comhleanúnachas a áirithiú i gcláir oibre athchóiriúcháin na mBallstát. Á CHUR CHUN SUNTAIS DI a thábhachtaí atá sé an faireachas iltaobhach a choimirciú laistigh den Seimeastar Eorpach in ainneoin na n-athruithe i dtimthriall 2021. DE BHRÍ GUR cheart go leanfadh Colún Eorpach na gCeart Sóisialta de bheith ag feidhmiú mar threoir don chóineasú aníos i dtreo dálaí oibre agus maireachtála níos fearr san Eoraip, agus é ag stiúradh comhordú beartas fostaíochta agus sóisialta ar leibhéal an Aontais. Á MHEABHRÚ DI gurb í Straitéis Eoraip 2020 agus a príomhspriocanna a bhí mar bhonn eolais faoin díospóireacht bheartais ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta, agus gur chuidigh sí le hinfheictheacht na mbeartas fostaíochta agus sóisialta sa Seimeastar Eorpach a mhéadú.

8. Á CHUR CHUN SUNTAIS DI gur cheart prionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme agus aird chuí á tabhairt ar inniúlachtaí faoi seach, agus gur cheart do na Ballstáit leas a bhaint as an gcistiú suntasach ón Aontas atá ar fáil le haghaidh na n-athchóirithe agus na hinfheistíochta ábhartha, agus ar an gcaoi sin tionchar socheacnamaíoch na géarchéime a mhaolú, dlús a chur leis an téarnamh agus an athléimneacht a fheabhsú. Á THABHAIRT DÁ hAIRE DI go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún Eorpach plean gníomhaíochta a mholadh maidir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta go luath in 2021.

9. Á ADMHÁIL DI go bhfuil gá le hathchóirithe agus infheistíochtaí iomchuí le haghaidh na n-aistrithe glasa, digiteacha agus déimeagrafacha chun aistriú cothrom a áirithiú do chách, lena n-áirítear chun tacú le leibhéil leordhóthanacha scileanna. Á CHUR I bhFIOS GO LÁIDIR DI go gcaithfear na himpleachtaí fostaíochta agus sóisialta, chomh maith leis na himpleachtaí comhionannais inscne a bhaineann leis na haistrithe sin a chur san áireamh d'fhonn feabhas a chur ar chruthú post ardcháilíochta, d'fhonn feabhas a chur ar rochtain ar sheirbhísí sóisialta ardcháilíochta, agus ar athléimneacht eacnamaíoch agus shóisialta. Á CHUR CHUN SUNTAIS DI an feiniméan imirce daoine oilte a d'fhéadfadh na héagsúlachtaí eacnamaíocha agus sóisialta idir na Ballstáit a ghéarú.

10. Á THABHAIRT DÁ hAIRE DI na tionscnaimh shuaitheanta a cuireadh chun cinn i Straitéis Bhliantúil 2021 maidir le Fás Inbhuanaithe (ASGS), go háirithe maidir le hathoiliúint agus uas-sciliú, a d'fhéadfadh a bheith mar bhonn eolais d'athchóirithe agus infheistíochtaí náisiúnta.

11. Á THABHAIRT DÁ hAIRE DI gur foilsíodh ASGS 2021 go luath, ina dtarraingítear aird ar thábhacht na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta, agus ina dtugtar treoir do na Ballstáit, go háirithe i bhfianaise ullmhú na bPleananna Téarnaimh agus Athléimneachta.

12. Á THABHAIRT DÁ hAIRE DI oiriúnú sealadach an tSeimeastair Eorpaigh do 2021 chun a áirithiú go gcuirfear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta chun feidhme go comhsheasmhach agus go héifeachtach. Á THABHAIRT DÁ hAIRE DI go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún doiciméid anailíseacha, ina ndéanfar measúnú ar shubstaint na bPleananna Téarnaimh agus Athléimneachta, a chur in ionad thuarascálacha tíre an tSeimeastair Eorpaigh in 2021, i gcás na mBallstát sin a thíolacann Plean Téarnaimh agus Athléimneachta, agus go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún gan moltaí tírshonracha neamhfhioscacha a mholadh in 2021.

13. Á CHUR I dTREIS DI go bhfuil sé níos tábhachtaí fós, i bhfianaise an tSeimeastair Eorpaigh oiriúnaithe do 2021, go ndéanfar plé cothrománach sna foirmíochtaí ábhartha den Chomhairle atá rannpháirteach sa Seimeastar Eorpach agus ina gcomhlachtaí ullmhúcháin, chun a áirithiú go mbeidh siad rannpháirteach go hiomlán i ndearadh agus i gcur chun feidhme na n-athchóirithe struchtúracha a thagann faoina sainchúram.

14. Á CHUR CHUN SUNTAIS DI cineál sealadach na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta, agus í dírithe ar an ngéarchéim a shárú agus ar ullmhú don aistriú dúbailte, tugann sí le fios nár cheart go gcuirfí i leataobh an gá atá ann aghaidh a thabhairt ar na dúshláin fhadtéarmacha maidir le hathchóiriú struchtúrach atá fós ann sna Ballstáit, go háirithe sna réimsí fostaíochta agus sóisialta. Á CHUR I dTREIS DI nach ceart sainaithint thráthúil agus faireachas gaolmhar ar na dúshláin fhadtéarmacha sin a chur i mbaol de cheal tuarascálacha tíre agus moltaí tírshonracha i dtimthriall eisceachtúil Sheimeastar Eorpach 2021.

15. Á CHUR I bhFIOS GO LÁIDIR DI gur cheart go mbeadh próiseas cuimsitheach iltaobhach faireachais ag gabháil leis an bhfaireachán ar na Pleananna Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta, i ndáil le hathchóirithe i réimsí na fostaíochta, an bheartais shóisialta, an chúraim sláinte, mar aon leis an oideachas agus an oiliúint, i gcomhréir leis na treoirlínte fostaíochta,

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

16. MOLANN SÍ GO LÁIDIR do na Ballstáit, i bhfianaise ghnéithe suntasacha fostaíochta agus sóisialta na géarchéime atá ann faoi láthair, athchóirithe riachtanacha agus infheistíocht i margadh an tsaothair, sa bheartas sóisialta, sa chúram sláinte agus sna réimsí oideachais agus oiliúna a áireamh ina bPleananna Téarnaimh agus Athléimneachta, á chur chun suntais di gur cheart go dtacódh na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí sin leis an téarnamh, le fás inbhuanaithe cuimsitheach agus cruthú post a chur chun cinn, agus aghaidh a thabhairt ar na dúshláin ábhartha a shainaithnítear sna moltaí tírshonracha in 2019 agus in 2020.

17. MOLANN SÍ don Choimisiún cur leis na próisis agus leis na cleachtais rialachais bhunaithe faoi chuimsiú thimthriall an tSeimeastair Eorpaigh, agus ar an gcaoi sin go mbeadh gach foirmíocht ábhartha Comhairle agus a gcomhlachtaí ullmhúcháin rannpháirteach, a mhéid is féidir, chun tacú le cur chun feidhme éifeachtach na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta. MOLANN SÍ don Choimisiún treoir a chur ar fáil do na Ballstáit d'fhonn fostaíocht, poist ardcháilíochta agus cuimsiú sóisialta a chur chun cinn, maidir le hathchóirithe agus infheistíochtaí faoi na Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta.

18. MOLANN SÍ go LÁIDIR don Choimisiún, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, spriocanna nua don bheartas fostaíochta agus sóisialta a athbhreithniú nó a fhorbairt chun cur chun feidhme phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta a stiúradh ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát.

19. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún socruithe iomchuí a mholadh chun go bhfillfí ar phróiseas lánfheidhme an tSeimeastair Eorpaigh a luaithe is féidir, lena n-áirítear a rialachas.

20. LEAGANN SÍ DE CHÚRAM ar an gCoiste Fostaíochta scrúdú a dhéanamh ar – de bhun Airteagal 148(3) agus 148(4) CFAE agus i bhfianaise na dtreoirlínte fostaíochta — chur chun feidhme bheartais ábhartha na mBallstát mar a leagtar amach ina gCláir Náisiúnta um Athchóiriú iad, lena n-áirítear a bPleananna Téarnaimh agus Athléimneachta, chun comhoibriú leis an gCoiste um Chosaint Shóisialta i gcás inarb ábhartha, agus chun an Chomhairle a chur ar an eolas faoi scrúdú den sórt sin.

21. MOLANN SÍ GO LÁIDIR don Choiste Fostaíochta agus don Choiste um Chosaint Shóisialta leanúint dá gcuid oibre maidir le faireachas iltaobhach ar mholtaí tírshonracha agus ar dhúshláin fostaíochta agus shóisialta, lena n-áirítear trí athbhreithnithe téamacha, plé cothrománach, agus foghlaim fhrithpháirteach, agus i gcomhar, i gcás inarb ábhartha, leis an gCoiste um Beartas Eacnamaíoch, leis an gCoiste Oideachais agus leis an Meitheal um Shláinte Phoiblí ar an Leibhéal Sinsearach.

22. IARRANN SÍ ar an gCoiste Fostaíochta agus ar an gCoiste um Chosaint Shóisialta leanúint dá gcuid oibre maidir le táscairí agus creataí tagarmharcála a cheapadh, agus maidir le huirlisí faireacháin atá ann cheana a ailíniú a thuilleadh.